GCSE

Rewarding Learning

Sonraíocht GCSE CCEA

Drámaíocht

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2019
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019
Cód Ábhair: 5210

Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.

3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte againn ina thrí chomhpháirt. Leagtar amach thíos inneachar gach comhpháirte agus na torthaí foghlama a bhaineann leo.

3.1 Comhpháirt 1: Léiriú Ceaptha

Roghnóidh daltaí léiriú **nó** dearadh mar chonair. Níl sé riachtanach an chonair chéanna a roghnú sa dá chomhpháirt. Mar fhreagairt ar ábhar spreagtha réamheisithe, ceapfaidh daltaí léiriú grúpa agus cuirfidh siad i láthair é **nó** ceapfaidh agus tabharfaidh siad cur i láthair dearaidh. Déanfar measúnú ar aisteoireacht na ndaltaí a roghnaigh conair an léirithe. Déanfar measúnú ar chur i láthair faoin disciplín dearaidh a roghnaigh siad i gcas na ndaltaí a roghnaigh conair an dearaidh. Caithfidh daltaí dearaidh **ceann amháin** de na disciplíní dearaidh seo a leanas a roghnú (féach Aguisín 4 faoi choinne na riachtanas beacht):

- feisteas;
- soilsiú;
- ilmheáin (úsáid íomhánna, fuaime, téacs agus/nó físeáin);
- seit; nó
- fuaim.

Líonfaidh gach dalta tuairisc oibre isteach ag deireadh an phróisis cheaptha. Féach Rannán 6.4 le tuilleadh eolais a fháil.

Iarrtar ort tagairt a dhéanamh d'Aguisín 2 faoi choinne chritéir mheasúnaithe na comhpháirte seo.

Gach dalta

Inneachar	Torthaí Foghlama
Léiriú ceaptha	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • smaointe faoi choinne léiriú ceaptha a chruthú agus a fhorbairt: – as a bheith ag obair le daltaí eile le spreagthach a roghnú is fearr a fhóireann do riachtanais an ghrúpa; – as eolas a úsáid óna dtaighde féin, eolas amhail stíl agus seánra, cleachtas gairmiúil agus saothar cleachtóirí drámaíochta; – as cinneadh a dhéanamh ar sprioclucht féachana; agus – as a gcion féin a dhéanamh i leith an toraidh iomláin; agus • as an léiriú cheaptha nó an coincheap dearaidh a thaibhiú faoi choinne measúnú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Léiriú ceaptha (ar lean)	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • a saothar féin agus saothar daoine eile a anailísiú agus a luacháil: – as machnamh a dhéanamh ar phróiseas an cheaptha agus iad ag fiosrú ábhar spreagtha réamheisithe; – as a bheith ag cuimhneamh ar thionchair ó thaighde – cleachtas gairmiúil agus saothar cleachtóirí drámaíochta san áireamh – i bpleanáil agus i gcur i láthair an léirithe cheaptha; – as machnamh a dhéanamh ar an phróiseas a bhaineann le bheith ag obair le daoine eile leis an léiriú cheaptha a phleanáil agus a chur i láthair nó a dhearadh; agus – as breithmheas a thabhairt ar a bhféin-bhainistíocht agus ar a gcion i leith thoradh an léirithe cheaptha.

Daltaí léirithe

Inneachar	Torthaí Foghlama
Smaointe a chruthú	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • na rudaí seo a leanas a thaighde: – an t-ábhar réamheisiúna le réimse tuairimí a fháil a chuideoidh leo spreagthach a roghnú; – an cleachtas gairmiúil a bhaineann le hábhair léirithe a cheapadh; – réimse d'ábhair agus d'acmhainní cuí agus iad ag forbairt a smaointe don léiriú cheaptha; agus – réimse seánraí, stíleanna agus cleachtóirí drámaíochta;
Smaointe a fhorbairt	• smaointe ón taighde a úsáid le léiriú úrnua a cheapadh atá bunaithe ar an spreagthach a roghnaigh siad; • coincheap grúpa a fhorbairt don léiriú cheaptha, agus an sprioclucht féachana a roghnaigh siad curtha san áireamh; • cinneadh ar dhóigheanna le trasdulta a fhorbairt; mar shampla úsáid a bhaint as athfhriotail, filíocht, soilsiú, ceol agus/nó teicneolaíochtaí digiteacha; • cleachtadh agus ullmhú a dhéanamh don léiriú; agus
Ciall a chur in iúl faoi choinne cuspóir amharclainne	• páirt a dhéanamh, faoi choinne measúnú, sa léiriú cheaptha.

Daltaí dearaidh

Inneachar	Torthaí Foghlama
Smaointe a chruthú	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • na rudaí seo a leanas a thaighde: – an t-ábhar réamheisiúna le réimse tuairimí a fháil a chuideoidh leo spreagthach a roghnú; – an cleachtas gairmiúil sa disciplín dearaidh a roghnaigh siad; – réimse d'ábhair agus d'acmhainní cuí agus iad ag forbairt a smaointe faoin dearadh don léiriú cheaptha; agus – réimse seánraí, stíleanna agus cleachtóirí dearaidh;
Smaointe a fhorbairt	• smaointe ón taighde a úsáid le dearaí tosaigh a chruthú a chomhlíonfaidh riachtanais an léirithe cheaptha; • coincheap dearaidh a fhorbairt don léiriú cheaptha, agus an sprioclucht féachana a roghnaigh siad curtha san áireamh; • smaointe a chur in eagar do roghanna dearaidh deiridh; • an táirge (na táirgí) deiridh a thaibhiú i léiriú ceaptha an ghrúpa; agus
Ciall a chur in iúl faoi choinne cuspóir amharclainne	• an próiseas agus an toradh dearaidh deiridh a chur i láthair faoi choinne measúnú: – i gcur i láthair dearaidh; agus – sa léiriú cheaptha.

3.2 Comhpháirt 2: Léiriú Réamhsciptithe

Roghnóidh daltaí léiriú **nó** dearadh mar chonair. Níl sé riachtanach an chonair chéanna a roghnú sa dá chomhpháirt. Déanfaidh daltaí script an dráma fhoilsithe a roghnaigh siad a thaighde agus ullmhóidh siad léiriú de. Déanfar measúnú ar aisteoireacht na ndaltaí a roghnaigh conair an léirithe. Déanfar measúnú ar chur i láthair faoin disciplín dearaidh a roghnaigh siad i gcas na ndaltaí a roghnaigh conair an dearaidh. Caithfidh daltaí dearaidh **ceann amháin** de na disciplíní dearaidh seo a leanas a roghnú (féach Aguisín 4 faoi choinne na riachtanas beacht):

- feisteas;
- soilsiú;
- ilmheáin (úsáid íomhánna, fuaime, téacs agus/nó físeáin);
- seit; nó
- fuaim.

Iarrtar ort Aguisín 3 a cheadú faoi choinne chritéir mheasúnaithe na comhpháirte seo.

Gach dalta

Inneachar	Torthaí Foghlama
Léiriú réamhscriptithe	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • smaointe do thaibhléiriú amharclainne a chruthú agus a fhorbairt: – as a bheith ag obair le daltaí eile le script a fhóireann do riachtanais an ghrúpa a roghnú, a chur in eagar agus a chur in oiriúint; – as taighde a úsáid le stíl agus seánra a chruthú agus a fhorbairt; – as léiriú amharclainne nó coincheap dearaidh a mbeidh tuiscint ag lucht féachana air a chruthú; agus – as an léiriú a chur in iúl i dtaibhléiriú nó as an choincheap dearaidh a chur in iúl mar chur i láthair.

Daltaí léirithe

Inneachar	Torthaí Foghlama
Smaointe a chruthú	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • réimse de scripteanna do dhrámaí foilsithe a fhiosrú agus script a fhóireann don ghrúpa a roghnú i ndiaidh scileanna agus mianta a chur san áireamh; • comhthéacsanna na scripte a thaighde, stíl agus seánra san áireamh; • cleachtas gairmiúil i léiriú réamhscriptithe a thaighde; • an script a chur in eagar agus in oiriúint mar is cuí;
Smaointe a fhorbairt	• réimse de smaointe cuí don chleachtadh a roghnú le carachtar a fhorbairt; • tionchar a imirt ar léiriú an ghrúpa ar an script; • na scileanna léirithe a bhaineann le guth, gluaiseacht, gotha gnúise agus léiriú carachtair a fhorbairt as an script a chleachtadh;
Scileanna amharclainne a chur i bhfeidhm le léiriú ealaíon a thaibhiú	• scileanna gluaiseachta a chur i bhfeidhm le smacht, comhordú, gothaí, luas, staidiúir, feasacht ar spasúlacht agus socracht; • gothaí gnúise a chur i bhfeidhm ar dhóigheanna inchreidte, ciallmhara agus éagsúla; • scileanna léirithe carachtair a chur i bhfeidhm le hintinní ealaíne a bhaint amach agus le tuiscint ar an pháirt i gcomhthéacs taibhithe a léiriú; agus
Ciall a chur in iúl faoi choinne cuspóir amharclainne	• páirt a dhéanamh, faoi choinne measúnú, sa léiriú réamhscriptithe.

Daltaí dearaidh

Inneachar	Torthaí Foghlama
Smaointe a chruthú	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • réimse de scripteanna do dhrámaí foilsithe a fhiosrú agus script a fhóireann don ghrúpa a roghnú i ndiaidh scileanna agus mianta a chur san áireamh; • comhthéacs na scripte a thaighde, stíl agus seánra san áireamh; • réimse d'ábhair agus de threalamh cuí a thaighde agus a fhiosrú; • cleachtas gairmiúil sa dearadh do léiriú a thaighde;
Smaointe a fhorbairt	• scileanna dearaidh sa disciplín dearaidh a roghnaigh siad a fhorbairt agus a bheachtú; • faisnéis ón taighde a úsáid le smaointe dearaidh don léiriú a fhorbairt; • coincheap dearaidh ginearálta don léiriú a fhorbairt;
Scileanna amharclainne a chur i bhfeidhm le hintinn ealaíon a bhaint amach	• réimse d'ábhair agus de threalamh cuí a chur i bhfeidhm ar an dearadh; • a gcuid scileanna dearaidh a chur i bhfeidhm le stíl agus seánra a léiriú; • an coincheap dearaidh a chur i bhfeidhm lena gcuspóirí ealaíon a bhaint amach; agus
Ciall a chur in iúl faoi choinne intinn amharclainne	• an próiseas agus an dearadh deiridh a chur i láthair faoi choinne measúnú: – i gcur i láthair dearaidh; agus – sa léiriú réamhscriptithe.

3.3 Comhpháirt 3: Eolas agus Tuiscint ar an Drámaíocht

Déanfaidh daltaí staidéar ar théacs dualgais. Forbróidh siad tuiscint ar an téacs agus ar ghnéithe amhail úsáid teanga an drámadóra, stíl agus seánra. Fiosróidh siad comhthéacsanna fosta, agus taobhanna de thaibhiú, léiriú agus dearadh.

Déanfaidh scrúdú scríofa **1 uair 30 nóiméad** measúnú ar an chomhpháirt seo.
Féach Rannán 4.6. faoi choinne sonraí breise ar mheasúnú agus ar théacsanna dualgais.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Eolas agus tuiscint ar an drámaíocht	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh a ndéantar an drámaíocht a fhorbairt agus a léiriú; díreoidh siad ar na rudaí seo a leanas: – comhthéacsanna sóisialta, cultúrtha agus stairiúla; – coinbhinsiúin amharclainne na tréimhse inar scríobhadh an dráma; – seánra, teanga, struchtúr, agus foirm agus stíl; – smaointe dearaidh ó imeacht beo nó taifeadta amharclainne; – feisteas do charachtair, lena n-áirítear úsáid dathanna, cruth, ábhair, oiriúintí, smideadh agus fearais stáitse phearsanta; – smaointe don chleachtadh; – coincheapa stáitsithe, lena n-áirítear teacht isteach, imeachtaí, suíomh stáitse agus an áit a mbeidh an lucht féachana; agus – treoir an stiúrthóra maidir le scileanna léirithe a úsáid le mothú agus le comhthéacs a chur in iúl; agus • a saothar féin agus saothar daoine eile a anailísiú agus a luacháil: – as anailís a dhéanamh ar chur i bhfeidhm smaointe dearaidh ó imeacht beo nó taifeadta amharclainne ar an téacs dualgais; – as tionchar smaointe dearaidh ar lucht féachana a mheas; agus – as údar a thabhairt le smaointe don chleachtadh i leith forbairt carachtair.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Eolas agus tuiscint a léiriú:	Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta: • taighde a dhéanamh ar na comhthéacsanna sóisialta, cultúrtha agus stairiúla, agus coinbhinsiúin amharclainne san áireamh, sa tréimhse inar scríobhadh an dráma; • tuiscint a léiriú ar sheánra, teanga, struchtúr, agus foirm agus stíl; • smaointe dearaidh ó imeacht beo nó taifeadta amharclainne a chur i bhfeidhm, agus a dtionchar ar an téacs dualgais a thuiscint; • smaointe don chleachtadh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le carachtar agus stíl a fhiosrú; • tuiscint ar pháirt gach carachtair a léiriú; • smaointe feistis do charachtair a chumadh, lena n-áirítear faisnéis ar dhathanna, cruth, ábhair, oiriúintí, smideadh agus fearais stáitse phearsanta; • coincheapa stáitsithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, smaointe ar na gnéithe seo san áireamh: – teacht isteach; – imeachtaí; – suíomhanna stáitse; – an áit a mbeidh an lucht féachana; agus – mothú agus comhthéacs a chur in iúl; • smaointe stiúrthóra ar ghuth, gluaiseacht agus gothaí gnúise a fhorbairt;
A saothar féin agus saothar daoine eile a anailísiú agus a luacháil:	• imeacht beo nó taifeadta amharclainne a anailísiú, ag díriú ar na smaointe dearaidh don tsoilsiú, seit agus fuaim, agus na smaointe sin a chur i bhfeidhm ar an téacs dualgais; • machnamh ar thionchar beartaithe na smaointe dearaidh ar an lucht féachana lena luacháil; agus • údar a thabhairt le smaointe don chleachtadh – tobchumadóireacht agus straitéisí eile drámaíochta san áireamh – a úsáid i bhforbairt léirithe carachtair ón téacs dualgais.

© CCEA 2017

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning